Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12862/23**

**PECHE 345**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Meán Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 518 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE i leith tharmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1627 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2115/2005 agus (CE) Uimh. 1386/2007 ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 518 final.

Faoi iamh: COM(2023) 518 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.9.2023
COM(2023) 518 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**i leith tharmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1627 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2115/2005 agus (CE) Uimh. 1386/2007 ón gComhairle**

## 1. RÉAMHRÁ

Le Rialachán (AE) 2019/833[1], cuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO).

Chun cuspóirí Rialachán (AE) 2019/833 a bhaint amach agus ós rud é go ndéanann Páirtithe Conarthacha NAFO forálacha áirithe de bhearta caomhnaithe agus forfheidhmithe NAFO a leasú go minic, tá cumhachtaí tarmligthe ag an gCoimisiún chun gníomhartha a ghlacadh faoi Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir le roinnt beart rialaithe teicniúil, mar a shonraítear thíos.

## 2. BUNÚS DLÍ

Tá an tuarascáil seo ina ceanglas faoi Airteagal 51(2) de Rialachán (AE) 2019/833. Leis an airteagal sin, déantar na cumhachtaí chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 50 de Rialachán (AE) 2019/833 a tharmligean go ceann 5 bliana ón 17 Meitheamh 2019. Ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú ar an gcaoi ar fheidhmigh sé na cumhachtaí tarmligthe sin tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na 5 bliana. Déanfar na cumhachtaí tarmligthe a fhadú go hintuigthe ansin go ceann tréimhsí breise 5 bliana, mura rud é go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid in aghaidh an fhadaithe, faoi Airteagal 51(3) de Rialachán 2019/833.

Le hAirteagal 50 de Rialachán 2019/833, tugtar cumhachtaí don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir leis an méid seo a leanas:

a) an Rialachán a fhorlíonadh leis na forálacha agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis na bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán;
b) liosta gníomhaíochtaí na soithí taighde dá dtagraítear in Airteagal 4(1);
c) na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 9 i ndáil leis na limistéir iascaireachta ina bhfuil an séacla Artach; tuairisciú ábhartha, athrú iascaigh, doimhneachtaí iascaireachta agus tagairtí do limistéir shrianta nó choiscthe;
d) nósanna imeachta i dtaca le soithí a bhfuil breis agus 50 tonna beomheáchain de ghabháil iomlán ar bord acu agus a théann isteach sa Limistéar Rialála chun an haileabó Graonlannach a iascach a mhéid a bhaineann le hábhar na bhfógraí dá bhforáiltear in Airteagal 10(2)(a) agus (b), na coinníollacha chun iascaireacht a thosú dá bhforáiltear in Airteagal 10(2), pointe (d), agus forálacha maidir le tabhairt i dtír agus cigireacht a bhaineann leis an haileabó Graonlannach dá bhforáiltear in Airteagal 10(1)(e);

[1] Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1627 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2115/2005 agus (CE) Uimh. 1386/2007 ón gComhairle (IO L 141, 28 Bealtaine 2019, lch. 1). Arna leasú le Rialachán (AE) 2021/1231 agus Rialachán (AE) 2022/2037.

e) inneachar an tarchuir leictreonaigh a leagtar amach in Airteagal 22(5), an liosta de dhoiciméid bhailí atá le hiompar ar bord soithigh i gcomhréir le hAirteagal 22(8) agus inneachar an phlean acmhainneachta a bhfuil tuairisc air in Airteagal 22(10);
f) doiciméid atá le hiompar ar bord soithigh chairtfhostaithe i gcomhréir le hAirteagal 23(9);
g) sonraí Córais um Fhaireachán Soithí (VMS) nach mór a bheith tarchurtha go huathoibríoch agus go leanúnach mar a leagtar amach in Airteagal 26(1), chomh maith leis na dualgais i dtaca le lárionaid faireacháin iascaigh (LFI) mar a leagtar amach in Airteagal 26(2) agus (9);
h) rátaí céatadáin le haghaidh clúdaigh breathnóra mar a leagtar amach in Airteagal 27(3), tuairisciú na mBallstát mar a leagtar amach in Airteagal 27(7), dualgais breathnóra mar a leagtar amach in Airteagal 27(11) agus dualgais mháistir an tsoithigh mar a leagtar amach in Airteagal 27(12);
i) oibleagáidí mháistir an tsoithigh le linn cigireachta mar a leagtar amach in Airteagal 32;
j) mogallmhéideanna mar a leagtar amach in Airteagal 13(2);
k) sonraíochtaí teicniúla maidir le greillí sórtála, grátaí agus slabhraí scoránaithe in iascach an tséacla Artaigh a leagtar amach in Airteagal 14(2), mar aon le sonraí teicniúla maidir le greillí sórtála nó ceangaltáin a leagtar amach in Airteagal 14(3) nó (3a);
l) srianta limistéir nó tréimhse maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill a leagtar amach in Airteagal 18;
m) bearta rialaithe le haghaidh trosc i Roinn 3M dá bhforáiltear in Airteagal 9a.

## 3. TARMLIGEAN NA gCUMHACHTAÍ A FHEIDHMIÚ

Chuir an Coimisiún na dréachtghníomhartha tarmligthe uile, atá bunaithe ar na cumhachtuithe a áirítear i Rialachán (AE) 2019/833, faoi bhráid an Ghrúpa Saineolaithe um Iascach agus Dobharshaothrú, a bunaíodh chun comhairle shaineolach a sholáthar maidir le hullmhú gníomhartha tarmligthe. Tugadh cuireadh go córasach do Pharlaimint na hEorpa freastal ar chruinnithe an Ghrúpa Saineolaithe sin. Sheol an Coimisiún doiciméid na gcruinnithe chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle araon san am céanna, mar a cheanglaítear sa Chomhthuiscint maidir le gníomhartha tarmligthe. Tar éis an ghlactha, thug sé fógra faoi na gníomhartha tarmligthe do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

Go dtí seo, níl aon agóid déanta ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle i gcoinne aon ghníomh tarmligthe a ghlac an Coimisiún faoi Rialachán (AE) 2019/833 laistigh de 2 mhí, mar a fhoráiltear in Airteagal 51(6) de Rialachán 2019/833. I gcásanna áirithe, d'iarr Parlaimint na hEorpa go gcuirfí fadú 2 mhí eile leis an spriocdháta.

## 4. LIOSTA NA nGNÍOMHARTHA TARMLIGTHE A GLACADH FAOI RIALACHÁN (AE) 2019/833

Seo thíos liosta na ngníomhartha tarmligthe uile a ghlac an Coimisiún ó tháinig Rialachán (AE) 2019/833 i bhfeidhm. Léirítear sa liosta staid na himeartha amhail an 1 Meán Fómhair 2023.

1. Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh[2];
2. Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/989 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2020 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe de bhearta caomhnaithe agus forfheidhmithe Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO), agus le hIarscríbhinní a ghabhann leis na bearta sin[3];
3. Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/860 ón gCoimisiún an 23 Márta 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 a mhéid a bhaineann leis an Iarscríbhinn a ghabhann le bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO)[4];
4. Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1281 ón gCoimisiún an 4 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe de bhearta caomhnaithe agus forfheidhmithe Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO), agus le hIarscríbhinní a ghabhann leis na bearta sin[5];
5. Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1090 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe de bhearta caomhnaithe agus forfheidhmithe Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO)[6].

## 5. CONCLÚID

Le 5 bliana anuas, tá na cumhachtaí tarmligthe a thugtar don Choimisiún faoi Rialachán (AE) 2019/833 á bhfeidhmiú aige. Measann an Coimisiún gur gá an cumhachtú sin a fhadú toisc go n-athraíonn bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe NAFO go bliantúil agus gur gá athruithe ina dhiaidh sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

Leis an tuarascáil seo, comhlíonann an Coimisiún an ceanglas maidir le tuairisciú faoi Airteagal 51(2) de Rialachán (AE) 2019/833. Iarrann sé ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

[2] IO L 34, 6.2.2020, lch. 1.
[3] IO L 221, 10.7.2020, lch. 5.
[4] IO L 190, 31.5.2021, lch. 19.
[5] IO L 195, 22.7.2022 lch. 21.
[6] IO L 146, 6.6.2023, lch. 3.